Thosaigh an samhradh go h-oifigiúil arú inné cé go gceapfá go raibh sé againn le roinnt seachtainní anuas. Bhí mí Aibreán go hálainn ar fad i mbliana agus ní chuimhin liom Aibreán chomh h-iontach sin riamh. Is iontach an chaoi a chuireann aimsir mhaith dea-hiúmar ar dhaoine. Tá súil agam go mbeidh tuilleadh aimsir mar seo againn sna seachtainní agus na míonna amach romhainn. Le cúnamh Dé, beidh.

B'fhéidir gur chabhraigh an aimsir leis an Rialtas nua fresin. Tá siad i gcumhacht le dhá mhí anois agus, faoin am seo, tá siad ag fáil taithí ar a gcuid ndualghaisí nua. De réir dealraimh tá fonn oibre orthu uilig agus cloisim go bhfuil cuid acu san oifig ag an hocht a chloig gach maidin. Agus nach bhfuil deifir dá laghad orthu ag fágáil na h-oifige sa tráthnóna. An t-aon deifir atá orthu ná tabhairt faoin ngéirchéim eacnamaíochta ar an bpointe. Tús maith leath na hoibre, a deirtear.

Is léir nach bhfuil na fadhbanna tromchúiseacha go léir ag fáil an lámh in uachtar orthu agus gur mian leo uilig an tír bheag seo a tharraing as an sáinn ina bhfuilimid. Agus go bhfuil siad sásta tréan iarracht a chur isteach chun é sin a chur i gcrích. Is léir, freisin, ó na pobalbreitheanna chuige seo, go bhfuil pobal na tíre i gcoitinne sásta leis na h-iarrachtaí atá á dhéanamh acu.

Caithfidh mé a rá go raibh áthas orm nuair a ceapadh Alan Shatter ina Aire ach táim buartha go bhfuil sé ina Aire Cosanta agus Aire Dlí is Cirt. Bhí ard mheas agam riamh ar an bhfear seo agus cúis áthais domsa é go bhfuair sé ardú céime. Ar eagla na míthuisceana, nílim ag rá nár chóir é a cheapadh ina Aire Dlí is Cirt ná ina Aire Cosanta. Nó Aireacht ar bith eile. 'Séard atáim a rá ná go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis an dá Aireacht seo ach tá imní orm go bhfuil an tAire céanna sa dá Roinn. Feictear dom go bhfuil contúirt ag baint leis seo.

D'fhéadfadh deacracht ar leith a bheith anseo nuair atá na Gárdaí Síochána agus an tAirm faoi chúram an Aire céanna. Tá ról ar leith ag na Gárdaí Síochána agus mar a gcéanna leis an Airm. Ach ní hionann iad. Is ról difriúl ar fad é. Tagann alán rudaí isteach i gceist anseo agus b'fhearr ar fad mura mbeadh siad freagrach don Aire céanna. Tá an contúirt ann go bhféadfaidís teacht salach ar a chéile. Bheinn féin den bharúil nár chóir iad a chuir faoi Aire amháin. Tá súil agam nach dtiocfaidh fadhbanna mar seo chun cinn. Ach tá an baol ann.

Rud eile atá ag cur ionadh an domhain orm na laethanta seo ná chomh ciúin is atá Leo Varadker. Le bliain nó dhó anuas is beag lá a chuaigh thart nach raibh Leo le cloisteáil ar an raidio nó le feiceáil ar an teilifís. Bhí barúil aige ar gach ábhar faoin spéir. Agus ní raibh drogall dá laghad air an barúil sin a nochtadh agus a chíoradh ar an aer. Lá i ndiaidh lae. Gan stad gan staonadh. Chun an fhírinne a rá bhíos ag éirí tuirseach de. Chomh maith leis sin, is minic nach rabhas ar aon intinn leis.

Ach ó ceapadh ina Aire é is annamh atá sé le feiceáil ar an mbosca. Nó le cloisteáil ar an raidio. Tá sé éirithe thar a bheith ciúin. Nílim ag gearán faoi seo. B'fhéidir gur mhaith an rud é. Is cosúil go bhfuil sé thar a bheith sásta go bhfuair sé Aireacht agus go bhfuil sé ag obair go dian

dicheallach ina Roinn féin. Tá neart le déanamh ina Roinn féin chun é a choinneáil gnóthach le fada.